Daoine Eile

TEG B2: Aonad 3

SAN AONAD SEO

Foghlaimeoidh tú conas:

- Cur síos beacht a dhéanamh ar dhuine eile;
- Comparáid a dhéanamh idir daoine;
- Do thuairimí a chur in iúl maidir le do chuid mothúchán.

Díreofar an na míreanna seo gramadaí:

- Céimeanna comparáide na haidiachta;
- Na réamhfhocail chearta a úsáid agus tú ag plé le mothúcháin.

Breathnófar ar an mír chultúrtha seo:

- Conas comhghairdeas agus comhbhrón a dhéanamh, agus grá a chur in iúl do dhuine, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

A: SÚIL SIAR

- **Céard iad na rudaí is mó is cuimhin leat ón aonad deireanach? Scríobh síos gach a bhfuil i do chloigeann gan féachaint siar ar na nótaí.**
- **Nuair a bheidh an méid sin déanta agat, déan plé ar na príomhghnéithe sin a gcuimhníonn tú orthu, in éineacht leis an duine atá in aice leat, agus breac síos aon rud a bhí fágtha amach agat.**

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

B: FOCLÓIR

1. Cuir na tréithe thíos sa bhosca ceart

Tréithe dearfacha	Tréithe diúltacha

éadóchasach	uaillmhianach	cróga	cúthail	dearmadach
diongbháilte	drochbhéasach	aislingeach	teasaí	borb
muinteartha	míthuisceanach	sotalach	flaithiúil	umhal
stuama	gearánach	macánta	neamhaibí	leithleach
séimh	millte	lách	dílis	fuinniúil

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

2. Ag cur mothúchán in iúl

Ag déanamh comhbhróin le duine	Ag déanamh comhghairdis le duine…	Ag cur grá / ceana in iúl do dhuine
	a phós le déanaí	
	ar bhreith linbh dóibh	
	a cheannaigh teach nua	

Céard é
‘**réim teanga**’?
An bhfuil samplaí agat
de réimeanna éagsúla
teanga sna boscaí
thuas?

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

C: CLUASTUISCINT

1: Cloisfidh tú an mhír seo faoi thrí – duine ag déanamh cur síos ar cheolchoirm. Líon na bearnaí sa script thíos:

Fan go bhfeice mé anois, cad é an eachtra is mó a chuaigh i bhfeidhm orm ar na mallaibh? Tá sé doiligh a rá, ó… *no* tá a fhios agam anois – ceolchoirm de chuid Leonard Cohen an samhradh seo a chuaigh thart. Oíche _____ shamhraidh a bhí ann agus bhí sé ar siúl ar thalamh Phríosún Chill Mhaighneann. Bhí an t-atmaisféar _____ agus an lucht féachana _____ go gcuirfí tús leis an seó. Nuair a tháinig Leonard Cohen amach ar an stáitse (agus ar a hocht a chlog anois, ar an bhuile boise) bhí luí na gréine ina dhath órga taobh thiar dó, agus bheadh sé mar a bheadh stáitse _____ , _____.

Measaim gurb é an _____ a bhí ag an fhear, gurb é sin an rud is mó a chuaigh go smior i ndaoine. Duine _____, _____ é agus ba léir gur dhuine _____, _____ agus _____ a bhí i Leonard Cohen. Ba léir chomh maith go raibh sé féin ag baint an oiread suilt céanna as a bheith ansin is a bhí an lucht éisteachta. An bhfuil a fhios agat… léirigh sé _____ ar an lucht éisteachta agus ní hamhlaidh a bhíonn sé i gceolchoirmeacha mar sin i gcónaí. Cuireann sé isteach orm nuair a bhíonn ceoltóirí nó amhránaithe mór le rá _____ nó _____ ar an stáitse. Is é mo bharúil gur chuir Leonard Cohen duine _____ i gcuimhne do gach duine a bhí ag freastal ar an cheolchoirm, nó ar a laghad gur ghríosaigh sé mothúcháin dhoimhne mhaoithneacha i leith daoine a bhfuil grá nó cion agat dóibh.

Is iontach ar fad é nuair a théann a mhacasamhail d'ealaín i gcion ort mar sin. Is _____ an tsástacht sin a bhraitheann tú i láthair duine de na hamhránaithe is fearr leat ar domhan a shárú. Ní féidir liom a rá áfach gur bhraith _____ na ceolchoirme ar phearsantacht Leonard Cohen amháin. Tá mé chomh tógtha sin lena ghuth agus cuireann focail a chuid amhrán faoi gheasa mé, is ionann na liricí agus filíocht i mo thuairimse. Tá chóir a bheith achan amhrán a d'eisigh sé ar eolas agam agus cuireann sé sin go mór le cé chomh _____, taitneamhach, gabh mo leithscéal, is atá ceolchoirm, ar ndóigh.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

D: FEASACHT TEANGA

Déan plé ar na ceisteanna seo leis an duine atá le do thaobh:

1. Saibhreas Teanga:

a) Cad iad na bealaí éagsúla a bhféadfá '*it affected me*' a rá as Gaeilge?

b) 'Cuireann sé isteach orm' – an féidir leat é seo a rá ar bhealach eile?

c) '*orm*' – Cad iad na réamhfhocail agus na forainmneacha réamhfhoclacha a théann leis na focail seo:

fearg eagla éad muinín grá

2. An Ghramadach: Céimeanna comparáide na haidiachta

a) Cad atá ar eolas agaibh faoin ngné seo den ghramadach?

b) Is féidir 'níos' agus 'is' a úsáid le céimeanna comparáide na haidiachta i ngach aimsir, ach tá rogha agat agus aimsirí/modh áirithe i gceist. Cé na haimsirí/modh ina n-úsáidtear na leaganacha atá sa ghreille thíos?

An aidiacht	Breischéim na haidiachta	Sárchéim na haidiachta
Greannmhar	níos greannmhaire / ní ba ghreannmhaire	ba ghreannmhaire
Álainn	níos áille / ní b'áille	… ab áille
Maith	níos fearr / ní b'fhearr	… ab fhearr

3. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

a) Chonaic mé an clár sin uair amháin nuair a bhí mé (breischéim + óg)!

b) An ndéarfá gur tusa an duine (sárchéim + sláintiúil) i do theaghlach?

c) An bhfaca tú céard a tharla (breischéim + luath)?

d) Cheap mé go mbeifeá (breischéim + ciallmhar) ná sin.

e) Tá sé i bhfad (breischéim + tuisceanach) ná a dheartháir.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

4. Bí cúramach leis na haidiachtaí neamhrialta seo. Líon amach an ghreille thíos:

Aidiacht	Breischéim + sárchéim
mór	níos / is **mó**
beag	
geal	
maith	
olc	
sean	
te	
gearr	
deas	
álainn	
furasta	
deacair	

5. Aistrigh na habairtí seo a leanas:

a) I prefer the south of Spain to the north because it is hotter.

b) You are way taller than you think!

c) This is the best house party I've ever been to.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

E: LÉAMHTHUISCINT

Léitheoireacht

1. Tóg féin agus an duine atá le do thaobh sealanna ag léamh an tsleachta thíos (atá bunaithe ar alt a bhí ar www.tuairisc.ie).
2. Cuir líne faoi aon fhocal nua a aimseoidh tú agus déan plé orthu leis an duine atá in aice leat.

Céard a thug isteach thú? An chaint sa seomra feithimh

Tráth den saol ní fios cén t-iontas ná eachtra a gcloisfeá trácht air sa seomra feithimh – an raibh daoine ní ba chairdiúla tráth? Ó tháinig an fón póca ar an saol ní mórán cainte a bhíonn le cloisteáil sna seomraí feithimh agus fanann gach duine astu féin. Cé gur mór an faoiseamh é in amanna níl a fhios agam an maith an rud é go bhfuil deireadh nach mór leis an gcaint.

'Céard a thug isteach thú?'

Ar chuir strainséir fiosrach an cheist sin ort riamh agus tú ag teacht isteach an doras, mar a dhéanfaí go caidéiseach le príosúnach ag cur tús lena phionós.

Tá daoine ann agus níl aon fhonn orthu a stair leighis a chraobhscaoileadh os comhair an tsaoil, is tá daoine ann nach bhfuil ach ag fanacht ar an deis lena scéal a insint go fonnmhar.

Ba bhosca faoistine iad na seomraí feithimh tráth, fiú mura raibh tú ag iarraidh aon fhaoistin a dhéanamh ná a chloisteáil.

Casadh fear orm uair amháin, lá a chaith mé sa halla in ospidéal réigiúnach na Gaillimhe ag fanacht ar x-gha, nach raibh aon deireadh lena chuid scéalaíochta. Deirtear gur maith an rud í an fhírinne, ach níl a fhios agam an aontaím leis sin, agus níl a fhios agam an raibh a leath dhe fíor agus é ag dul ar aghaidh is ar aghaidh go fadálach.

Tá faitíos orm go bhfanfaidh na scéalta anró a d'inis sé go mí-ionraic dúinn, príosúnaigh an tseomra feithimh, liom go brách. Ní inseoidh mé anois duit iad, le faitíos nach mbeifeá baileach 'ceart' arís go deo.

An riail atá anois ann sa seomra feithimh ná siúl isteach agus do radharc ar an urlár agat ar fhaitíos na bhfaitíos go mbéarfá sa tsúil ar aon duine. Ina dhiaidh sin, agus gan mhoill, suigh síos!

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

1. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

a) Déan achoimre ar an léamhthuiscint thuas i dtrí abairt.

b) An bhfuil sé éasca cairdeas a dhéanamh le daoine na laethanta seo? Cén fáth?

c) Cén áit is fusa bualadh le daoine nua?

d) An gcuireann sé as duit labhairt le strainséirí ar iompar poiblí? Cén fáth?

e) Cé acu is fearr leat a úsáid agus tú ag déanamh teagmhála le cara leat – téacs/glórphost/glaoch/físghlaoch? Cén fáth?

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

f) An bhfuil tionchar ag duine cáiliúil ar leith ort?

g) Ar mhaith leatsa a bheith cáiliúil amach anseo?

h) Céard iad na trí thréith phearsanta is tábhachtaí, meas tú?

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

F: CUMARSÁID

Caint agus comhrá:
Roghnaigh ceann amháin de na topaicí thíos agus déan plé air leis an duine atá in aice leat:

Topaic 1: Grá

1. Cad é do shainmhíniú féin ar an ngrá?
2. An gcreideann tú i ngrá an chéadradhairc?
3. Cén difríocht atá idir grá a bheith agat do dhuine agus dúil a bheith agat i nduine?
4. An féidir leat a bheith i ngrá le do leannán nuair nach maith leat é nó í a thuilleadh?
5. An athraíonn daoine nuair a phósann siad? An bhfuil daoine pósta chomh saor le daoine nach bhfuil pósta, dar leat?

nó

Topaic 2: Mothúcháin – conas a mhothaíonn tú nuair a tharlaíonn na rudaí thíos?

1. Nuair a fheiceann tú duine ag caitheamh bruscair ar an tsráid.
2. Nuair nach gcomhlíonann polaiteoirí na gealltanais a thug siad roimh an toghchán.
3. Nuair a bhíonn do leannán ag cliúsaíocht le duine eile.
4. Nuair a fheiceann tú daoine gan dídean ag iarraidh déirce.
5. Nuair a bhíonn ort diúltú do dhuine a iarrann gar ort.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

G: MACHNAMH

1. Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

San aonad seo, d'fhoghlaim mé:		😊	😐	☹️
1.				
2.				
3.				
4.				
5.				
6.				
7.				
8.				
Ceist(eanna) atá agam go fóill:				

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

2. Líon isteach roinnt de na heochairfhocail nua/úsáideacha a d'fhoghlaim tú san aonad seo:

	Gaeilge	Béarla		Gaeilge	Béarla
1.			16.		
2.			17.		
3.			18.		
4.			19.		
5.			20.		
6.			21.		
7.			22.		
8.			23.		
9.			24.		
10.			25.		
11.			26.		
12.			27.		
13.			28.		
14.			29.		
15.			30.		

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

AN SCRIPT

Ar fáil anseo

Úna Nic Gabhann ag cur síos ar cheolchoirm Leonard Cohen

Fan go bhfeice mé anois, cad é an eachtra is mó a chuaigh i bhfeidhm orm ar na mallaibh? Tá sé doiligh a rá, ó… *no* tá a fhios agam anois – ceolchoirm de chuid Leonard Cohen an samhradh seo a chuaigh thart. Oíche bhreá shamhraidh a bhí ann agus bhí sé ar siúl ar thalamh Phríosún Chill Mhaighneann. Bhí an t-atmaisféar ar dóigh agus an lucht féachana ar bís go gcuirfí tús leis an seó. Nuair a tháinig Leonard Cohen amach ar an stáitse (agus ar a hocht a chlog anois, ar an bhuile boise) bhí luí na gréine ina dhath órga taobh thiar dó, agus bheadh sé mar a bheadh stáitse maorga draíochtúil.

Measaim gurb é an teacht i láthair a bhí ag an fhear, gurb é sin an rud is mó a chuaigh go smior i ndaoine. Duine carasmatach, taitneamhach é agus ba léir gur dhuine séimh, macánta agus umhal a bhí i Leonard Cohen. Ba léir chomh maith go raibh sé féin ag baint an oiread suilt céanna as a bheith ansin is a bhí an lucht éisteachta. An bhfuil a fhios agat… léirigh sé meas ar an lucht éisteachta agus ní hamhlaidh a bhíonn sé i gceolchoirmeacha mar sin i gcónaí. Cuireann sé isteach orm nuair a bhíonn ceoltóirí nó amhránaithe mór le rá borb nó sotalach ar an stáitse. Is é mo bharúil gur chuir Leonard Cohen duine muinteartha i gcuimhne do gach duine a bhí ag freastal ar an cheolchoirm, nó ar a laghad gur ghríosaigh sé mothúcháin dhoimhne mhaoithneacha i leith daoine a bhfuil grá nó cion agat dóibh.

Is iontach ar fad é nuair a théann a mhacasamhail d'ealaín i gcion ort mar sin. Is doiligh an tsástacht sin a bhraitheann tú i láthair duine de na hamhránaithe is fearr leat ar domhan a shárú. Ní féidir liom a rá áfach gur bhraith feabhas na ceolchoirme ar phearsantacht Leonard Cohen amháin. Tá mé chomh tógtha sin lena ghuth agus cuireann focail a chuid amhrán faoi gheasa mé, is ionann na liricí agus filíocht i mo thuairimse. Tá chóir a bheith achan amhrán a d'eisigh sé ar eolas agam agus cuireann sé sin go mór le cé chomh tábhachtach, taitneamhach, gabh mo leithscéal, is atá ceolchoirm, ar ndóigh.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

FREAGRAÍ

B: FOCLÓIR

1.

Tréith dhearfach	Tréith dhiúltach
Uaillmhianach	Éadóchasach
Cróga	Dearmadach
Diongbháilte	Teasaí
Aislingeach	Míthuisceanach
Fuinniúil	Millte
Dílis	Gearánach
Lách	Drochbhéasach
Flaithiúil	Neamhaibí
Stuama	Leithleach
Macánta	Sotalach
Cúthail	Borb
Séimh	
Umhal	
Muinteartha	

2.

Ag déanamh comhbhróin le duine	Ag déanamh comhghairdis le duine…	Ag cur grá / ceana in iúl do dhuine
• Tá brón orm é sin a chloisteáil. • Bhí brón orm a chloisteáil go/gur… • Is olc liom do bhris / Ní maith liom do bhris. • Ní maith liom do thrioblóid. • Tá mé buartha faoi do thrioblóid. • Go dtuga Dia sólás daoibh. • Grásta ó Dhia ar a anam. • Ar dheis Dé go raibh a anam dílis.	• Maith thú! • Bulaí fir! • *Fair play* d(h)uit! • Comhghairdeas. • Bhí lúcháir orm an dea-scéala a chloisteáil. • Déanaim comhghairdeas ó chroí leat. • Go maire sibh bhur nuacht. • Saol agus sláinte chugat! • Dia leat.	• A stór / a stóirín. • A thaisce. • A rún. • A ghrá geal mo chroí. • A mhuirnín.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

C: CLUASTUISCINT

Fan go bhfeice mé anois, cad é an eachtra is mó a chuaigh i bhfeidhm orm ar na mallaibh? Tá sé doiligh a rá, ó…*no* tá a fhios agam anois – ceolchoirm de chuid Leonard Cohen an samhradh seo a chuaigh thart. Oíche **bhreá** shamhraidh a bhí ann agus bhí sé ar siúl ar thalamh Phríosún Chill Mhaighneann. Bhí an t-atmaisféar **ar dóigh** agus an lucht féachana **ar bís** go gcuirfí tús leis an seó. Nuair a tháinig Leonard Cohen amach ar an stáitse (agus ar a hocht a chlog anois, ar an bhuile boise) bhí luí na gréine ina dhath órga taobh thiar dó, agus bheadh sé mar a bheadh stáitse **maorga draíochtúil**.

Measaim gurb é an **teacht i láthair** a bhí ag an fhear, gurb é sin an rud is mó a chuaigh go smior i ndaoine. Duine **carasmatach**, **taitneamhach** é agus ba léir gur dhuine **séimh**, **macánta** agus **umhal** a bhí i Leonard Cohen. Ba léir chomh maith go raibh sé féin ag baint an oiread suilt céanna as a beith ansin agus is a bhí an lucht éisteachta. An bhfuil a fhios agat… léirigh sé **meas** ar an lucht éisteachta agus ní hamhlaidh a bhíonn sé i gceolchoirmeacha mar sin i gcónaí. Cuireann sé isteach orm nuair a bhíonn ceoltóirí nó amhránaithe mór le rá **borb** nó **sotalach** ar an stáitse. Is é mo bharúil gur chuir Leonard Cohen duine **muinteartha** i gcuimhne do gach duine a bhí ag freastal ar an cheolchoirm, nó ar a laghad gur ghríosaigh sé mothúcháin dhoimhne mhaoithneacha i leith daoine a bhfuil grá nó cion agat dóibh.

Is iontach ar fad é nuair a théann a mhacasamhail d'ealaíon i gcion ort mar sin. Is **doiligh** an tsástacht sin a bhraitheann tú i láthair duine de na hamhránaithe is fearr leat ar domhan a shárú. Ní féidir liom a rá áfach gur bhraith **feabhas** na ceolchoirme ar phearsantacht Leonard Cohen amháin. Tá mé chomh tógtha sin lena ghuth agus cuireann focail a chuid amhrán faoi gheasa mé, is ionann na liricí agus filíocht i mo thuairimse. Tá chóir a bheith achan amhrán a d'eisigh sé ar eolas agam agus cuireann sé sin go mór le cé chomh **tábhachtach**, taitneamhach, gabh mo leithscéal, is atá ceolchoirm, ar ndóigh.

D: FEASACHT TEANGA

1. (c) Tá fearg **orm.** / Bíonn eagla **orm.** / Bím in éad **le** duine. *nó* Bhí éad **orm.** / Níl muinín agam **as.** / Tá grá agam **dó**.

2. (b) Úsáidtear 'níos' agus 'is' le gach aimsir. Úsáidtear 'ní ba' / 'ní b', 'ba' agus 'ab' leis an aimsir chaite agus leis an modh coinníollach.

3.

a) Chonaic mé an clár sin uair amháin nuair a bhí mé **níos óige / ní b'óige**
b) An tusa an duine **is sláintiúla** i do theaghlach?
c) An bhfaca tú céard a tharla **níos luaithe / ní ba luaithe**?
d) Cheap mé go mbeifeá **níos ciallmhaire / ní ba chiallmhaire** ná sin.
e) Tá sé i bhfad **níos tuisceanaí** ná a dheartháir.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

4.

Aidiacht	Breischéim + sárchéim
mór	níos / is **mó**
beag	níos / is **lú**
geal	níos / is **gile**
maith	níos / is **fearr**
olc	níos / is **measa**
sean	níos / is **sine**
te	níos / is **teo**
gearr	níos / is **giorra**
deas	níos / is **deise**
álainn	níos / is **áille**
furasta	níos / is **fusa**
deacair	níos / is **deacra**

5. Aistrigh na habairtí seo a leanas:

a) **I prefer the south of Spain to the north because it is hotter.**
Is fearr liom deisceart (na Spáinne) ná tuaisceart na Spáinne mar bíonn sé níos teo ann.

b) **You are way taller than you think!**
Tá tú i bhfad níos airde ná mar a cheapann tú!

c) **This is the best house party I've ever been to.**
Is í seo / Seo í an chóisir tí is fearr ar fhreastail mé uirthi riamh.

d) **It was the most beautiful view I had ever seen.**
Ba é an radharc ab áille / is áille (é) dá bhfaca mé riamh.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad